# Clár Oibre 2023 an Fhóraim um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair

## Sruth Oibre 1: Múscailt feasachta, cur chun cinn an digitithe san fhiontraíocht & for-rochtain

- Ionchur a sholáthar i dtaca le feachtas mórscála cumarsáide atáthar a fhorbairt chun an digitiú a chur chun cinn san fhiontraíocht, lena n-áirítear tiomsú na gcás-staidéar/scéalta.
- Comhairle a chur ar fáil i dtaca le cruthú na Tairsí Digití agus i dtaca lena dearadh agus lena hinneachar.
- Comhairle a sholáthar i dtaca le táscairí lena ndéanfaí ullmhacht dhigiteach/staid an digitithe a mheas i ngnólacht, tríd an Tairseach Dhigiteach. Beidh sé seo bunaithe, i dtosach, ar an Innéacs de Dhéine Dhigiteach.[1]
- Comhairle a sholáthar don Rialtas i dtaca leis an bpleanáil don Chomhdháil 'Éire Dhigiteach' 2024 agus i dtaca leis an gcathaoirleacht ar D9+ in 2024.

## Sruth Oibre 2: Cur le tionchar na Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach

- Plé a dhéanamh ar acmhainneacht na Mol úr Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach, lena ndíreofar ar an Intleacht Shaorga, ar shonraí, ar an ard-déantúsaíocht, agus Idirlíon na nEarraí agus braiteoirí, agus ar bhealaí leis na torthaí is fearr is féidir a fháil as na hinfheistíochtaí seo.

## Sruth Oibre 3: Cur chun cinn na hIntleachta Saorga (IS) in Éirinn

- Comhairle a sholáthar i dtaca le forbairt clár IS don fhiontraíocht D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo uirlisí diagnóiseacha, tacaíochtaí comhairleacha agus bearta dírithe maoinithe i dtaca le glacacht IS.
- Plé a dhéanamh ar chruthú na mbinsí tástála agus na mboscaí gainimh rialála d'fhonn baic agus bacainní, mar aon le hearnálacha oiriúnacha, a shainaithint.
- Tacú le forbairt Braisle Náisiúnta IS tríd an gClár Náisiúnta Braislithe.
- Comhairle a sholáthar i dtaca leis na Treoirlínte um Úsáid Iontaofa Eiticiúil IS san Earnáil Phoiblí.

---

[1] Innéacs de Dhéine Dhigiteach

## Sruth Oibre 4: Ionchuimsiú Digiteach, Scileanna, GovTech & Cibearshlándáil

- Comhairle a sholáthar i dtaca le forbairt Cairt um Ionchuimsiú Digiteach, don Ionchuimsiú.
- Feidhmiú mar bhord comhairleach don Straitéis GovTech.
- Comhairle a chur ar an Rialtas i dtaca le forbairt na straitéise Cibearshlándála d'earnáil na fiontraíochta.

## Sruth Oibre 5: Teicneolaíocht, Forbairtí Rialála agus Digiteacha agus Treochtaí Todhchaí

- Comhairle a chur ar an Rialtas i dtaca le forbairtí teicneolaíochta agus digití mar aon le treochtaí todhchaí sa teicneolaíocht thumthach, sa réaltacht bhreisithe, san inbhuanaitheacht agus san intleacht shaorga.
- Glacadh le nuashonruithe ar fhorbairtí sa rialúchán agus plé a dhéanamh ar bhealaí ina rachaidh lucht fiontraíochta in oiriúint do rialúcháin úra.